CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1878 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Deireadh Fómhair 2021

maidir le Clárlann i dtaca leis an bhfearann barrleibhéil .eu a ainmniú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/517 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an ainm fearainn barrleibhéil arb é .eu é agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 874/2004 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 8 de,

Ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1083 ón gCoimisiún an 14 Bealtaine 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/517 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin agus an nós imeachta a bhunú maidir le Clárlann i dtaca leis an ainm fearainn barrleibhéil .eu a ainmniú ([2]), agus go háirithe Airteagal 9(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is ar bhonn nós imeachta roghnúcháin atá oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a ainmneoidh an Coimisiún an Chlárlann a gcuirfear an cúram uirthi an fearann barrleibhéil .eu a eagrú, a riar agus a bhainistiú. Eagróidh an Coimisiún an nós imeachta roghnúcháin ina dhá chéim, ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar incháilitheacht na n-iarratasóirí ar dtús agus ina mbunóidh sé rangú na n-iarratasóirí incháilithe ina dhiaidh sin bunaithe ar na critéir roghnúcháin a shainítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1083.

(2) An conradh atá ann faoi láthair idir an Coimisiún agus an Chlárlann maidir le heagrú, riar agus bainistiú an fhearainn barrleibhéil .eu, síníodh é an 10 Deireadh Fómhair 2014 ar feadh tréimhse 5 bliana agus cuireadh síneadh leis ansin in 2019 ar feadh 3 bliana eile. Rachaidh sé in éag an 12 Deireadh Fómhair 2022.

(3) D'fhoilsigh an Coimisiún glao maidir le roghnú na Clárlainne fearainn barrleibhéil .eu (2021-026011) in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 1 Márta 2021 lena n-iarrtar iarratais ó eagraíochtaí ar mian leo go gcuirfear an cúram orthu an fearann barrleibhéil arb é .eu a eagrú, a bhainistiú agus a riar.

(4) Dúnadh an glao an 18 Bealtaine 2021 agus fuarthas cúig iarratas.

(5) Le linn na chéad chéime den nós imeachta roghnúcháin, rinne an Coimisiún measúnú ar an easpa critéar eisiaimh agus ar cé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon na hiarratasóirí na critéir incháilitheachta. Measadh go raibh ceithre iarratas incháilithe. Foilsíodh liosta na n-iarratasóirí incháilithe an 9 Iúil 2021 agus chuir an Coimisiún gach iarratasóir ar an eolas faoi thorthaí na chéad chéime den nós imeachta.

(6) Le linn an dara céim den nós imeachta, rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarratasóirí incháilithe agus bhunaigh sé rangú ar bhonn na gcritéar roghnúcháin. Rinne an Coimisiún scrúdú ar na hiarratais agus bhunaigh sé scórchlár ina gcuimsítear marcanna aonair gach iarratais. Rinneadh meastóireacht ar cháilíocht na n-iarratas, i gcomhréir le Roinn 3.2 den ghlao, de réir cháilíocht na seirbhíse a moladh, leibhéal leordhóthanach na n-acmhainní daonna agus teicniúla a moladh chun cúraimí na Clárlainne a chomhlíonadh, agus de réir an tseasaimh airgeadais agus comhlíontachta a moladh chun cúraimí na Clárlainne a chomhlíonadh. Fuair an Coimisiún cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha seachtracha freisin maidir le hanailísiú a dhéanamh ar na hiarratais.

([1]) IO L 91, 29.3.2019, lch. 25.
([2]) IO L 239, 24.7.2020, lch. 1.

(7) An Coimisiún a bhunaigh rangú na n-iarratasóirí. Ba cheart an t-iarratasóir arna rangú sa chéad áit, an Chlárlann Eorpach um Fhearainn Idirlín (EURid), a ainmniú mar chéad Chlárlann eile an fhearainn barrleibhéil .eu agus ba cheart cuireadh a thabhairt dó dul i mbun caibidlíochta chun an conradh a shíniú i gcomhréir leis an nglao maidir le roghnú. Rialófar an conradh sin leis na prionsabail a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/857 ón gCoimisiún ([3]).

(8) I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1083, i gcás ina bhfoirceannfar an chaibidlíocht conartha idir an t-iarrthóir ar éirigh leis agus an tÚdarás Conarthach gan conradh a thabhairt i gcrích, ainmneoidh an Coimisiún t-iarratasóir arna rangú sa chéad áit eile mar an Chlárlann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An Chlárlann Eorpach um Fhearainn Idirlín (EURid), sin í an Chlárlann fearainn barrleibhéil arb é .eu a gcuirfear an cúram uirthi an fearann barrleibhéil .eu a eagrú, a bhainistiú agus a riar de bhun Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2019/517 agus faoi réir fhorálacha Airteagal 2.

Airteagal 2

Iarrtar ar an gClárlann Eorpach um Fhearainn Idirlín (EURid) conradh a dhéanamh lena sonrófar na coinníollacha ar dá réir a mhaoirseoidh an Coimisiún eagrú, riar agus bainistiú an fhearainn barrleibhéil .eu ag an gClárlann, i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/517.

I gcás ina gcuirfear deireadh leis an gcaibidlíocht conartha idir an Chlárlann Eorpach um Fhearainn Idirlín (EURid) agus an Coimisiún gan an conradh a thabhairt i gcrích, ainmneofar an t-iarratasóir arna rangú sa chéad áit eile mar an Chlárlann, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1083.

Beidh tréimhse tosaigh 5 bliana leis an gconradh maidir le lamháltas seirbhíse agus féadfar síneadh a chur leis ar feadh tréimhse bhreise nach faide ná 5 bliana.

Airteagal 3

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/207/AE ón gCoimisiún ([4]).

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/857 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2020 lena leagtar síos na prionsabail a bheidh le háireamh sa chonradh idir an Coimisiún Eorpach agus Clárlann an fhearainn barrleibhéil .eu i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/517 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 195, 19.6.2020, lch. 52).

([4]) IO L 109, 12.4.2014, lch. 41.